# Briathra GNÍMH

## Sainmhíniú +Torthaí Foghlama a mBaineann Siad Leo

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

**_Aithin/Sainaithin_** - patrúin fíricí, sonraí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint. Freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair. NnaE 2 NnaE 4 DF 2

**_Anailísigh_** - staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí NnaE 4 DF 6

**_Athbhreithnigh_** - athscrúdú a dhéanamh go cúramach nó go criticiúil, chun tacú nó easaontú de ghnáth; torthaí a anailísiú chun tuairim a thabhairt NnaE 5

**_Ceap_** - na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl go beacht agus go córasach D&S 6

**_Cosain_** - cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid NnaE 4

**_Cuir i bhfeidhm_** - faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú NnaE 5

**_Cuir i gcomparáid_** - cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd NnaE 2 D&S 3

**_Cuir síos_** - pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh D&S 1 D&S 4 D&S 5 DC 2 DC 3 DF 7 DB 2 DB 4 DB 7

**_Déan (a dhéanamh)_** – a tabhairt faoi ghníomhaíocht NnaE 3 NnaE 6 DB 5

**_Déan taighde_** - sainfhiosrú a dhéanamh, ag úsáid iniúchadh casta agus criticiúil NnaE 6 NnaE 9 D&S 6 DF 4 DF 8 DB 5

**_Dear_** - ceapadh, cruthú agus cur i ngníomh de réir plean NnaE 3 DF 5 DF 7

**_Eagraigh_** - rud a shocrú; rud a chórasú nó a rianú NnaE 7

**_Fiosraigh_** - breathnú nó staidéar a dhéanamh, d'fhonn fíricí a chinntiú D&S 2 DB 2

**_Forbair_** - éabhlóidiú; rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de D&S 4 DC 2

**_Iniúch_** - breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra DC 1 DC 6 DC 7 DC 8 DF 3 DB 1 DB 5 DB 7

**_Léirigh_** - samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin D&S 2 D&S 7 DC 9

**_Léirmhínigh_** - eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar D&S 3

**_Léirthuiscint a bheith ag... do..._** - brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud NnaE 1 NnaE 10 DB 10

**_Machnaigh_** - rud a mheas chun ceartúchán nó feabhsúchán a dhéanamh NnaE 5

**_Meas (cuimhnigh ar...)_** - cur síos ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú; tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil DC 9

**_Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)_** - fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in imscrúdú; srianta fianaise i gconclúidí a aithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna NnaE 2 NnaE 6 NnaE 8 D&S 7 DC 10 DB 6 DB 10

**_Measúnaigh (sonraí)_** - sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna NnaE 2 NnaE 6 NnaE 8 D&S 7 DC 10 DB 6 DB 10

**_Mínigh_** - mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna NnaE 3 DF 6 DB 3 DB 8 DB 9

**_Pleanáil_** - modh nó cur chuige a cheapadh nó a bheartú NnaE 3

**_Pléigh_** - athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí D&S 8 DF 4 DF 8 DB 9

**_Rangaigh_** - rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta DC 4

**_Ríomh_** - teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach DF 2

**_Samhaltaigh_** - léiriú matamaiticiúil a ghiniúint (m.sh. uimhir, graf, cothromóid, fíor gheoiméadrach); léaráidí; macasamhlacha fisiceacha do réada an fhíorshaoil nó do réada matamaiticiúla; airíonna; gníomhartha nó coibhneasa D&S 2 D&S 4 DC 2 DC 3

**_Scrúdaigh_** - argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus coibhneasa na saincheiste DB6 D&S 8

**_Tabhair breac-chuntas_** - achoimre a dhéanamh ar ghnéithe suntasacha ábhair DB 3

**_Táirg_** - rud a thabhairt ar an saol trí chumas intleachtach nó cruthaitheach NnaE 4

**_Taispeáin_** - rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil DC 2

**_Tomhais_** - athruithe i gcórais a chainníochtú (a mheas) trí uirlis tomhais a léamh DF 2

**_Úsáid_** - eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh D&S 4 DC 2 DC 5 DC 8 DC 9 DF 1

| | |
|---|---|
| Tuiscint ar an Eolaíocht | Bloic Tógála |
| Iniúchadh san Eolaíocht | Córais agus Idirghníomhaíochtaí |
| Cumarsáid a Dhéanamh san Eolaíocht | Fuinneamh |
| An Eolaíocht sa tSochaí | Inbhuanaitheacht |

NnaE = Nádúr na hEolaíochta
D&S = Domhan agus Spás
DC = Domhan Ceimiceach
DF = Domhan Fisiceach
DB = Domhan Bitheolaíoch

Curtha in oiriúint ó Shonraíocht d'Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag www.curriculumonline.ie

Tuilleadh acmhainní Eolaíochta ar fáil ag www.jct.ie/leagangaeilge/science/science.php